


Baoiseanna Pháirc San Anna



Teach nó Teampall Herculaneum
Meascann an bhaois seo, spreagtha ag tithe agus teampaill an domhain Chlasaigh, foirmeacha go leor d'aitireacht Nuachlasaiceach. In 2018, nocht oibreacha caomhnaithe urlár le tileanna air le 348 tíl ó mhonaróir ceirmeach stairiúil Giustiniani i Napoli.



Droichead agus Díseart
Tá dhá dhroichead ornáideacha ag síneadh thar scornach an Nainicín. Is é an droichead leis an dearadh is ilchasta ná droichead coise cloiche caille de stíl ghotach, a théann chomh fada siar le 1865. Déanta d'aolchloch cailpe Bhaile Átha Cliath, cruthaíonn sé áirse rinneach amháin thar an abhainn le dhá oscailt áirse rinneacha níos lú, ceann a théann a fhad le siúlbealach bogthaí, tá reigléas ann ansin.



Creig-ghairdíní
D'éirigh creig-ghairdíní ina rud faiseanta i rith an naoú haois déag le tabhairt isteach carraigeacha saorga ar a dtugtar Pulhamite. Tógadh sraith pluaiseanna, uaimheanna agus ornáidíocht gairdín, a tógadh le Pulhamite, feadh an Nainicín.



Droichead Ornáideach agus Pluais
Suite níos faide i dtreo bhéal na habhann, tá droichead eile ornáideach ann a théann isteach i bpluais. Tá an droichead maisithe le hainmhíne aolchuisne le hascaillí stua aolchloiche snoite ar an dá thaobh. Is struchtúr cruinneachánach é an phluais déanta d'aolchloch cailpe le haghaidh cloiche garbhéadain.



Túr Rómhánach
Bhí an Túr Rómhánach mar chuid de theach San Anna ar dtús agus is dócha go raibh sé ag feidhmiú mar thúirín radhairc nó túr féachana chun taitneamh a bhaint as radhairc thar Bhà Bhaile Átha Cliath. Léirítear mar chuid den teach é ar sceitse leis an ailtire Henry Hill dar dáta an bhliain 1837, ach athlonnaíodh é go dtí a shuíomh reatha sna 1870idí.



Tobar San Anna
Tá baint stairiúil ag an tobar ársa naofa, ar ainmníodh an teach ina dhiaidh, le Naomh Anna. Tá an tobar léirithe ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis 1843. Sa lá atá inniu ann tá sé sonraithe ag áirse ainmhín a cuireadh in airde c. 1865. Tá sé cosúil le dearadh agus ábhair na pluaise agus an droichead ornáideach feadh an Nainicín.

Garraí Daingean agus Gairdín Clog
Sa bhliain 1850 d'fhorbair Benjamin Lee Guinness an gairdín daingean agus túr clog ceithre stór. D'fheidhmigh sé sin mar ghairdín glasraí agus bhí roinnt tithe gloine agus foirgnimh sheachtracha ann. Tá clog mór ann sa túr clog cloiche ar a bhfuil ainm Benjamin Lee Guinness agus mana teaghligh, Spes Mea in Deo (Tá misneach i nDia agam) inscríofa.



Ciorcal na n-Iúr
Bhí ciorcal na n-Iúr, a raibh rochtain air ón ngairdín daingean, leagtha amach le mías lárnach agus scairdeán dealbhach ann, agus fál iúir ciorclach timpeall air a raibh oscailtí áirsí ann ar dtús agus le dealbha marmair iontu. Thug Rannóg Páirceanna Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi oibreacha caomhnaithe ar an scairdeán agus ar an bhfál iúir le blianta beaga anuas.



An Phluais Stuach Ainmhín
Thosaigh an t-aistear trí ghairdíní San Anna ón ngrianán ar chúil an tí, le siúlóid líneach a chuaigh chomh fada leis an bpluais ainmhín sin. Tá an phluais suite laistigh de chlaifort saorga agus cuimsíonn sé trí áirse ainmhíne a bhfuil comhcheirtleán spalláí mar aghaidh orthu. Téann siad chomh fada siar le c. 1855-1960.



Droichead an Túir
Ba é Droichead an Túir an bhaois ba luaithe, a tógadh sa bhliain 1839 chun comóradh a dhéanamh ar bhreith Anne Lee Guinness. Tá an struchtúr Gotach leagtha amach ag túr caisealach a shíneann a fhad le droichead caol coise os cionn an bhóthair iar-charraiste a shín idir an teach agus bóthar an chósta.



Teampall Pompeían
Dearadh an Teampall Pompeian freisin i stíl Nuachlasaiceach spreagtha ag teampaill ársa. Tá sé suite os cionn lochán saorga atá á sholáthar ag an Nainicín agus d'fheidhmigh sé mar theach tae ar dtús.



Ailtireacht San Anna

Teach Chnoc na Sceiche

1814 Dúradh in alt nuachtáin gur thóg an Sáirsint John Ball teach Chnoc na Sceiche le déanaí ‘teach mór, oifigí, gairdín agus diméin’, ar an Sceach Dubh, Cluain Tarbh.

1835 Cheannaigh na deartháireacha Benjamin Lee agus Arthur Lee Guinness teach Chnoc na Sceiche le 29 acra ar £500.

Forbairt theach agus eastát San Anna

1837 Atógadh an teach sa stíl Iodálach le túr Rómhánach, agus athainmníodh é mar Naomh Anna in ómós an tobair beannaithe áitiúil.

1838 Cheannaigh Benjamin Lee Guinness sciar a dheartháireacha den teach.

Athfhorbairt theach agus eastát San Anna

1868 Fuair Benjamin Lee Guinness bás agus d’fhág sé a eastát chuig a mhac Arthur Edward (an Tiarna Ardilaun).

1873 Choimisiúnaigh an Tiarna agus an Bhantiarna Ardilaun an t-ailtire James Franklin Fuller chun an teach a athchóiriú, a chríochnaigh George Coppinger Ashlin ina dhiaidh sin.

1870-76 Leathnaigh an t-eastát go dtí os cionn 500 acra le éadálacha talún ó chlann Vernon i gCluain Tarbh agus clann San Labhrás ó Chaisleán Bhinn Éadair.


1885 Choimisiúnaigh an Tiarna Ardilaun an t-ailtire George Coppinger Ashlin chun na Stáblaí Dearga a dhearadh.

An teach ba phálásta a tógadh in Éirinn le linn an dara leath den naoú haois déag

Thóg an teach dhá stór san stíl Iodálach seacht mbliana le críochnú. Tógtha le cloch Bath agus Portland, bhí balastair, uchtbhallaí pollta, sceimheal starrach, coirbéil, agus coirnisí maorga i gceist leis an taobh amuigh.

Bhí an taobh istigh feisithe le colúin agus urláir marmair, painéil adhmaid snoite maisithe, obair phlástair Nuachlasaiceach agus síleálacha cuasáilte. Fuarthas múnlaí taobh istigh, is é sin coirnisí agus cuasáil déanta as plástar, i limistéir níos poiblí an tí.

Ar an taobh istigh, shín halla iontrála dhá stór, a raibh soilsithe ón síleáil, chomh fada le staighre dúbailte i stíl na hAthbheochana. Bhí matal mór adhmaid snoite sa Seomra Bia. Shín an ceantar sin ar aghaidh chuig grianán a raibh a aghaidh ó dheas agus a dhear Richard Turner. Bhí bailiúchán ollmhór ealaíne agus seandachtaí i nGailearaí Pictiúr agus Seomra Dealbh ornáideach. Bhí síleáil chuasáilte shaibhrithe sa Pharlúis agus ina raibh orgán sa chúlbhá. Ag lár an tí, bhí plandaí coimhthíocha i nGairdín Pailm faoi dhíon gloine. Thuas staighre, shín boudoir taibhseach a fhad le balcóin a raibh a aghaidh ó dheas ag breathnú amach ar Chuan Bhaile Átha Cliath.



Imscrúduithe Seandálaíochta

Trinseáil Thrialach in 2021

Rinneadh tochailt ar cheithre thrinse trasna lorg an árais ag nochtadh go raibh leibhéal siléir slán den chuid is mó ann, cuid acu a bhí aislíonta le blúirí suntasacha ailtireachta. Ina theannta sin, ag leibhéal na talún nochtadh iarsmaí an tSeomra Chiorcláin, ballaí inmheánacha éagsúla, urlár a bhfuil tíleanna air de 'vardrús triantánach' agus iarsmaí slán aghaidheanna cloiche Portland.

Tochailt Phobail in 2022





Ghlac trí sheandálaí dheonacha is fiche páirt i dtochailt cúig lá ar feadh sciathán theas an árais. Nocht an tochailt iarsmaí caomhnaithe an tSeomra Dealbh agus an Pharlúis. I measc na ngnéithe saoirseachta bhí cuasa suntasacha fuinneoige ón Seomra Dealbh, cúlbhá ar leith ina raibh orgán roimhe seo sa Pharlús. Fuarthas bailiúchán mór de mhúnlaí plástair áille ón gcúlbhá. Léirigh an tochailt go bhfuil lorg seachtrach an sciatháin theas caomhnaithe faoi bhun an dumha.

Imscrúduithe an Dumha Thuaidh in 2022

Nocht trinse trialach trasna an dumha thuaidh go bhfuil sé déanta as cré. Bhí dromchla an chlóis bhunaidh nochta faoi bhun an dumha, chomh maith le balla gairdín ailínithe leis an Teampall Herculaneum.

Tochailt Phobail in 2023

In 2023 leathnaíodh an limistéar tochailte go mór chun imeall theas an árais a chlúdach agus chun an leath thiar den sciathán theas a chuimsiú. Ghlac trí sheandálaí dheonacha is fiche páirt sa tochailt ceithre seachtaine, a léirigh iarsmaí struchtúracha suntasacha, lena n-áirítear ballaí an Ghailearaí Pictiúr, an tSeomra Dealbh, an Pharlúis agus póirse beag nó bealach isteach taobh go dtí an teach. Nochtadh píosaí den phluiméireacht inmheánach, den draenáil sheachtrach, den chóras téimh lárnaigh agus iarsmaí struchtúracha de chuid de Theach Chnoc na Scéithe chomh maith. As na rudaí ar thángthas orthu, bhí méid mór d'obair phlástair mhaisiúil, tileanna urláir agus balla ó thaobh istigh an tí, scealpa d'fhuinneog dhaite, féitheach fhuinneoga luaidhe, criadóireacht iar-mheánaoiseach agus blúirí d'obair chloiche mhaisiúil struchtúrach.



Ré ag Teacht Chun Deireadh

1925 Tar éis bhás an Tiarna Ardilaun in 1915 agus an Bhantiarna Ardilaun in 1925, fuair a nia Bishop Plunket an t-eastát le hoidhreacht.

1939 Tar éis an teach a dhíol le Bardas Bhaile Átha Cliath ar £55,000, reáchtáladh ceant breá ealaíne den ábhar a bhí sa teach.

1943 Chuaigh an teach le tine agus fágadh an foirgneamh ina bhallóga.




1968 Leagadh an teach le meall raiceála.

Go tobann, bhí lasracha ag scairdeadh san aer as fuinneoga barr an sciatháin thoir, áit ar thosaigh an tine.

Oíche Nollag 1943, phlúch tine an teach mór agus fágadh an teach ina bhallóga. Ní raibh cónaí ann sa teach le roinnt blianta anuas agus bhí sé faoi úinéireacht Bhardas Bhaile Átha Cliath. Thángthas ar an dóiteán thart ar mheán oíche ag an airíoch, an tUasal Hugh Savage, a chuir fios ar an mbriogáid dóiteáin. Bhí an sciathán thiar ina chaor thine agus faoi 4.30i.n. bhí an mhórchuid den fhoirgneamh plúchta. Scríosadh trealamh A.R.P. lena n-áirítear maisc gháis, buataisí, agus ceimiceáin fíor-inlasta a bhí á stóráil san fhoirgneamh i rith na hÉigeandála. In ainneoin iarrachtaí móra na seirbhísí dóiteáin áitiúla, dhóigh an tine ar feadh trí lá.

Bhí an creatlach scriosta ann ar feadh 25 bliain sular fostaíodh meall raiceála chun an méid a bhí fágtha den teach a scartáil ar deireadh. Tá cuimhní geala na hóige ag go leor de mhuintir na háite ar na fothracha ar fad.

Tagann scéal San Anna slán trí na daoine seo agus glúin nua seandálaithe deonacha ag cabhrú le scéal de phálás de theach áitiúil a nochtadh agus é a athbheochan.



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Clár Éire Éilíníoch
Creative Ireland
Programme

Archaeology and
Built Heritage